

## Cuir chuige oideolaíochta éifeachtacha in OSPS

Cuireann an rang OSPS spás ar fáil inar féidir le scoláirí a bheith feasach orthu féin agus foghlaim fúthu féin agus faoina gcaidreamh le daoine eile. Cabhróidh na hoideolaíochtaí a mholtar sa tacar uirlisí seo chun timpeallacht foghlama tarraingteach agus dialógach a chruthú inar féidir le daoine óga plé, díospóireacht, machnamh agus réiteach fadhbanna a dhéanamh ar cheisteanna a bhaineann go mór lena saol anois agus amach anseo.

Cé go bhfuil corpas tábhachtach eolais ann a gcaithfidh scoláirí foghlaim in OSPS, tá forbairt scileanna agus iniúchadh luachanna agus dearchtaí chomh tábhachtach céanna. Tá modheolaíochtaí teagaisc rannpháirteacha agus dialógacha mar chuid lárnach de theagasc agus d'fhoghlaim éifeachtach in OSPS/OCG toisc go gcumasaíonn na modheolaíochtaí seo d'fhoghlaimoirí dul i ngleic le réimse de léargais; plé agus machnamh a dhéanamh ar a luachanna, a ndearccháí agus a n-iompraíochtaí féin agus ar luachanna, dearccháí agus iompraíochtaí daoine eile: ciall a bhaint as a gcuid foghlama agus an chiall atá leis dá saol agus teacht ar chinntí tuisceanacha.

Agus modheolaíochtaí á moladh againn, nílimid ag moladh gur cheart gach rang a mhúineadh ar bhealach forordaithe nó aonfhoirmeach. Feidhmeoidh múinteoirí breithiúnas agus solúbthacht ghairmiúil maidir leis na straitéisí teagaisc agus foghlama is fearr a oireann do thacaíocht a thabhairt dá gcuid scoláirí chun na torthaí foghlama a bhaint amach, agus iad feasach ar chéim forbartha ar leith, cumas, spéiseanna, riachtanais agus cúlraí a scoláirí.

Cuireann **Timthriall na Foghlama Ó Thaithí** de chuid David Kolb creat tábhachtach ar fáil chun foghlaim a phleanáil in OSPS. Faigh amach faoi anseo sula dtéann tú níos faide. Is féidir na modheolaíochtaí thíos a úsáid agus céimeanna difriúla á bpleanáil sa timthriall seo.

### Bristeoirí Oighir agus cleachtais fuinnmhithe

Is gníomhaíochtaí tapa iad seo is féidir a úsáid chun grúpa a fhuinnmhiú nó chun atmaisféar suaimhneach comhoibríoch a chruthú d'fhonn an comhoibriú a chothú. Is féidir roinnt samplaí a fháil [anseo](#).

### Teicnící scíthe agus fócasaithe

Trí theicnící scíthe a chleachtadh go rialta in OSPS, is féidir cabhrú chun spás socair a chruthú le haghaidh plé agus machnamh pearsanta. D'fhéadfadh sé a bheith dúshlánach i gcomhthéacs ranga, mar sin coinnigh bunúsach é. D'fhéadfá é seo a úsáid ag tús nó ag deireadh an ranga – d'fhéadfadh sé a bheith ina chleachtadh anáilaithe, machnamh gairid aireachais, píosa ceoil, dán, athfhriotail inspioráideach, srl.

Is féidir teacht ar phodchraoladh le teicnící scíthe ón tSeirbhís Náisiúnta Tacaíochta Síceolaíochta (NEPS) [anseo](#)

*Tarraing Anáil – Teicnící Féinrialúcháin agus Suaimhnis do Leanaí, a d'fhorbair PDST, le fáil [anseo](#)*

### Bain úsáid as gearrthóga físe, ceol agus meáin choitianta

Níl aon teorainn leis an raon de ghearrthóga físe, liricí amhrán, srl a d'fhéadfá a ionchorprú go úsáideach i bpleanáil ceachta OSPS/OCG. Tá roghnú tomhaiste tábhachtach mar aon le tuiscint shoiléir ar chuspóir na foghlama is mian leat a bhaint amach. Mar shampla, d'fhéadfá gearrthóg físe a roghnú toisc go dtugann sé scéal inspioráideach, toisc go dtugann sé faisnéis nó toisc go dtugann sé treoir maidir le conas cás ar leith a bhainistiú. Is féidir, trí ghearrthóga de chlár

## Cuir chuige oideolaíochta éifeachtacha in OSPS

theilifíse, amhráin nó fógraí a bhfuil cur amach ag an scoláire orthu, spreagthach a sholáthar chun plé a oscailt freisin. Is féidir leo seo plé a spreagadh, mar shampla, faoi léirithe ar chaidrimh agus cad atá oiriúnach nó nach bhfuil oiriúnach i gcaidreamh sláintiúil.

Cuimsíonn an **tionscadal Féin-Mhuiníne Dove** roinnt físeán gearr (agus pleananna ceachta) a d'fhéadfadh plé a oscailt faoi íomhá choirp agus féinmheas. Tá roinnt físeán gearr cruthaithe ag **Belong2** chun tacú leis an bhfoghlaim faoi chúrsaí LADTI+ sa seomra ranga OSPS. Ar an gcaoi céanna, forbraíodh roinnt físeán gearr chun coincheap an toilithe ghnéasaigh a mhíniú, mar shampla **tea and consent** a d'fhéadfaí a ionchorprú chun sraith ceachtanna a phleanáil ar an ábhar seo.

### Bain úsáid as modhanna foghlama gníomhaí cruthaitheacha nó atá bunaithe ar na healaíona

Is féidir modhanna teagasc ealaínbhunaithe a bheith an-chabhrach i múineadh OSPS - go háirithe le topaicí a d'fhéadfadh mothúchán a spreagadh chomh maith le freagra intleachtúil. Is féidir le modhanna atá bunaithe ar na healaíona muid a thabhairt amach as ár ngnáthnósanna smaointeoireachta féin agus freagraí níos samhlaíche a oscailt. Éascaíonn siad stíleanna difriúla foghlama freisin. Trí úsáid a bhaint as modhanna cruthaitheacha 'foghlaím trí dhéanamh' atá dírithe ar idirghníomhaíochtaí neamhbhriathartha seachas caint, léitheoireacht nó scríbhneoireacht, is féidir leat taitneamh agus rannpháirtíocht gach foghlaimeora a chumasú agus comhtháthú grúpa a mhéadú.

Is féidir smaointe maidir le póstaer, cláir tobsmaointe, scannáin, scéalchláir agus spléach-chártaí a chruthú chomh maith le moltaí maidir le drámaíocht, gluaiseacht, damhsa, filíocht agus amharc-ealaín a úsáid a fháil in **Agenda – A Young People's Guide to Making Positive Relationships Matter** (arna eisiúint mar chuid de threoir rialtas na Breataine Bige maidir le OCG).

### Taighde a roinnt chun plé a spreagadh nó mar bhealach chun dúshlán a thabhairt don 'norm'

Is minic a bhíonn an dúil inmheánach (aitheanta nó neamhaitheanta) go nglacfadh nó go n-aontódh piaraí leo níos cumhachtaí do dhaoine óga ná piarbhrú seachtrach nó oscailte. Dá bhrí sin, ba cheart deiseanna a phleanáil chun dúshlán a thabhairt d'aon chineál de 'déanann gach duine de m'aois é seo/ a cheapann sé seo'. Is féidir sonraí taighde ábhartha a roinnt agus a phlé sa rang (i bhformáid inrochtana) chun bonn eolais a chur faoi, plé a spreagadh agus b'fhéidir dúshlán a thabhairt do bhraistintí faoi cad é 'an norm'. Sampla úsáideach amháin is ea an **tuarascáil Health Behaviour in School-aged Children (HBSC)** (2020) bunaithe ar shonraí a bailíodh ó dhaoine idir 10 agus 17 mbliana d'aois in Éirinn. Is féidir dearcadh idirnáisiúnta comhfhreagrach ar iompar daoine óga a fháil **anseo**. Is é an **My World Survey** (2019) an suirbhé is mó in Éirinn ar mheabhairshláinte agus folláine na n-óg agus d'fhéadfadh taighde **ESRI Talking about sex and sexual behaviour of young people in Ireland** a bheith úsáideach freisin.

### I measc na dteicnící eile is féidir le múinteoir a úsáid chun éisteacht a chur chun cinn tá:

**Athinsint** – Is bealach iontach é seo chun éisteacht a chur chun cinn trína iarraidh ar scoláirí dearcadh daoine eile a chur i bhfriotal arís. Tabhair cuireadh do scoláirí athinsint a dhéanamh ar an méid a chloiseann siad á rá ag scoláirí eile chun an scil seo a thógáil.

**Smaoineamh, péireáil agus roinnt** – Cuir ceist agus ansin tabhair am le haghaidh machnaimh agus plé péireáilte sula n-osclaíonn tú plé ranga.

**Aga fanachta** – Bí cinnte go dtugtar seans do gach scoláire smaoinemh sula dtéann siad i mbun plé nó sula bhfreagrófaí do cheist nó d'ábhar spreagtha.


Úsáid éifeachtach a bhaint as ceistiú -

## Cuir chuige oideolaíochta éifeachtacha in OSPS

Modheolaíocht rí-úsáideach i dteagasc OSPS/ OCG is ea ceisteanna maithe a chur. Is féidir le ceisteanna dea-ullmhaithe barúlacha a cheistiú, smaoineoireacht chriticiúil a spreagadh agus machnamh a mhúscailt. Pleanáil don teagasc agus don fhoghlaim thart ar líon beag ceisteanna tuisceanacha agus oscailte. Chomh maith leis sin is féidir ceisteanna a iarraidh ar an scoláire féin agus iad sin a úsáid le ceachtanna a phleanáil.

### Seomra ranga a chruthú ina n-éascaítear éisteacht

Athscrúdaigh an seomra ranga, más gá, lena chinntiú nach bhfuil na scoláirí ina suí ina sraitheanna agus iad i gcónaí ag féachaint ortsa, an múinteoir mar an 'saineolaí'. Ina áit sin, socraigh na deasca ionas gur féidir le scoláirí bogadh isteach le bheith ag obair i ngrúpaí go héasca agus dul i mbun pléghrúpaí beaga go rialta. Nó níos fearr fós, socraigh na cathaoireacha ionas gur féidir leis an rang suí i gcorral chun labhairt agus éisteacht lena chéile.



### Topaicí ábhartha eile

An múinteoir mar éascaitheoir foghlama  
Machnamh an scoláire in OSPS

### Múin na scileanna atá de dhíth le haghaidh idirphlé agus éisteachta

Ní féidir linn glacadh leis go bhfuil an teanga ag an scoláire ná na scileanna atá de dhíth le haghaidh idirphlé measúil. Is minic gur gá na scileanna seo a mhúineadh agus tógann sé seo am. Tosaigh trí roinnt frásaí cabhracha a aontú a thacóidh le hidirphlé sa seomra ranga ar nós na samplaí thíos.

*Sílim...*

*Creidim...*

*Mothaím...*

*Aontaím/esaontaím agus is é seo an fáth...*

*Is smaoineamh suimiúil é sin!*

*Tuigim go gceapann daoine eile é seo ach tá malairt tuairime agamsa mar...*

*Tá a fhios agam go bhféadfadh roinnt daoine a rá... cé go bhfeicim rudaí ar bhealach atá beagán difriúil...*

*An dtuigim i gceart thú, an bhfuil tú ag rá....?*

*Nílím cinnte cad atá i gceist agat. An bhféadfá rud beag níos mó a rá faoi sin?*

Is féidir cuireadh a thabhairt do scoláirí freisin chun teacht aníos le frásaí úsáideacha breise le húsáid agus iad i mbun plé i ngrúpaí beaga nó plé ranga.

### Acmhainní úsáideacha eile

Féach **Fócas ar an bhFoghlaim: Ceistiú Éifeachtach** leabhrán le haghaidh tuilleadh smaointe ar cheistiú éifeachtach

Féach **Tacar Uirlisí Príomhscileanna maidir le hObair le daoine eile** le haghaidh modheolaíochtaí foghlama comhoibríocha.

Féach **tuilleadh straitéisí sa seomra ranga don fhoghlaim ghníomhach atá curtha le chéile ag An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí ag an nasc seo**